# Foirm thoilithe le vacsaíniú

## do dhaoine a bhfuil Vacsaín Dhíghníomhaithe Fliú (IIV) á fáil acu

IIV (Trífhiúsach) - Vaxgrip nó Influvac Sub-unit

COMHLÁNAIGH AN FHOIRM I MBLOCLITREACHA LE PEANN

**Comhlánaigh na sonraí i gCodanna 1-3 den fhoirm thoilithe seo agus tabhair ar ais do do vacsaíneoir í.**

## Cuid 1: Sonraí Pearsanta

Comhlánaigh an chuid seo don duine a bhfuil vacsaín á fáil acu (SCRÍOBH I mBLOCLITREACHA LE DO THOIL)

Céadainm: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐ Dara hAinm: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Sloinne (Ainm Teaghlaigh): ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Ainm eile a thugtar orthu: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP): ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Dáta Breithe: ☐☐☐☐☐☐☐☐ (L L M M B B B B) Gnéas Breithe: Fireann ☐ Baineann ☐

Seoladh: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Éirchód: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐ Contae: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Sloinne Breithe Máthar (Sloinne Roimh Phósadh): ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

An bhfuil an duine seo ina:

Oibrí cúraim sláinte (OCS) ☐ OCS Gníomhaireachta/Conraitheora ☐ Cónaitheoir Cúraim Chónaithe Fhadtéarmaigh ☐ Eile ☐

Ríomhphost: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Uimhir Fóin Póca: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Uimhir Theileafóin Lae: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Tír Bhreithe: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Cúlra Eitneach nó Cultúrtha:

**A. Geal**

**A.1** ☐ Éireannach

**A.2** ☐ Duine de Lucht Siúil na hÉireann

**A.3** ☐ Duine den Phobal Romach

**A.4** ☐ Aon chúlra Geal eile

**B. Gorm nó Éireannach Gorm**

**B.1** ☐ Afracach

**B.2** ☐ Aon chúlra Gorm eile

**C. Áiseach nó Éireannach Áiseach**

**C.1** ☐ Síneach

**C.2** ☐ Indiach/ Pacastánach/Banglaidéiseach

**C.3** ☐ Aon chúlra Áiseach eile

**D. Eile, lena n-áirítear cúlra measctha**

**D.1** ☐ Arabach

**D.2** ☐ Measctha, scríobh sa chur síos

*Cur síos* ______________________

**D.3** ☐ Eile, scríobh sa chur síos

*Cur síos*

______________________

**E. B'fhearr liom gan a rá** ☐

**B'fhéidir go mbeidh ar an bhfoireann vacsaínithe teagmháil a dhéanamh leat chun na sonraí atá curtha ar fáil agat ar an bhfoirm seo a phlé. Tabhair faoi deara, seolfaimid deimhniú coinne duit agus/nó meabhrúcháin trí SMS agus/nó ríomhphost.**

# Cuid 2: Sonraí Leighis

**Freagair na ceisteanna seo a leanas go dearfach nó diúltach, le do thoil**

1. An raibh anaifiolacsas (frithghníomhú trom ailléirgeach) ag an duine seo riamh tar éis dáileog roimhe seo den vacsaín fliú nó aon cheann dá comhábhair? Bhí ☐ Ní raibh ☐

**Má bhí, neamh-incháilithe le haghaidh vacsaínithe mar tá anaifiolacsas tar éis dáileog roimhe seo den vacsaín fliú nó aon cheann dá comhábhair ina fritásc in aghaidh an vacsaínithe. Mura raibh, lean ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile.**

2a. An raibh ar an duine seo dul isteach san Aonad Dianchúraim (ICU) riamh tar éis turraing throm anaifiolachtach in aghaidh uibheacha? Bhí ☐ Ní raibh ☐

**Má bhí, ní mór na daoine sin óna dteastaíonn vacsaín dhíghníomhaithe fliú agus a raibh orthu dul isteach san Aonad Dianchúraim (ICU) roimhe seo mar gheall ar thurraing throm anaifolachtach in aghaidh uibheacha a chur ar aghaidh le haghaidh measúnú speisialtóra maidir le vacsaín a riar san ospidéal. Má bhí, téigh go dtí ceist 2b. Mura raibh, téigh go dtí ceist 3.**

2b. An raibh measúnú speisialtóra ag an duine seo maidir lena n-ailléirge throm le huibheacha san am a chuaigh thart a raibh iontráil ICU ag teastáil uathu agus a bhfuil an vacsaín dhíghníomhaithe fliú molta dóibh anois? Bhí ☐ Ní raibh ☐

**Má bhí, téigh go dtí an chéad cheist eile. Mura raibh, ní féidir leo vacsaín a fháil inniu.**

3. An bhfuil géarthinneas fiabhrais ar an duine seo? Tá ☐ Níl ☐

**Má tá, ní féidir leo an vacsaín seo a fháil inniu; cuir an vacsaíniú siar go dtí go bhuil biseach orthu. Mura bhfuil, lean ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile.**

4. An bhfuil an duine seo ar chomhchoscairí seicphointe amhail ipilimumab nó nivolumab? Tá ☐ Níl ☐

**Má tá, b'fhéidir nach mbeidh siad in ann an vacsaín a fháil inniu. B'fhéidir nach mbeidh siad in ann aon vacsaín fliú a fháil, mar gheall ar nasc féideartha le frithghníomhartha díobhálacha imdhíonachta. Ba cheart é sin a phlé lena speisialtóir cóireála. Mura bhfuil, lean ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile.**

5. An bhfuil neodraipéine throm ag an duine seo (leibhéil ísle de chineál fuilcheall bán) i.e. comhaireamh neodraifile iomlán $<0.5 \times 10^9$/L.? Ní bhaineann sé seo leo siúd a bhfuil neodraipéine uath-imdhíonachta phríomhúil orthu. Tá ☐ Níl ☐

**Má tá, níor cheart go bhfaigheadh siad vacsaín fliú, chun géareipeasóid fiabhrais a bhaineann le vacsaín a sheachaint. Tá siad neamh-incháilithe le haghaidh vacsaíne. Mura bhfuil, lean ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile.**

6a. An é seo an chéad uair a bhfuil an vacsaín fliú á fáil ag an duine seo an séasúr seo (Meán Fómhair go Aibreán)? Is ea ☐ Ní hea ☐

**Más ea, téigh go ceist 7. Murab ea, freagair ceist 6b, le do thoil.**

6b. Ní theastaíonn an dara dáileog den vacsaín fliú ach ó fhíorbheagán daoine. An gcomhlíonann an duine a bhfuil an vacsaín á fáil acu aon cheann de na critéir seo a leanas: Comhlíonann ☐ Ní chomhlíonann ☐

- I gcás leanaí, an bhfuil siad idir 6 mhí agus 8 mbliana d'aois agus an vacsaín fliú á fáil acu den chéad uair
- Duine atá tar éis trasphlandú gascheall haematapóéiseach nó trasphlandú orgáin sholadaigh a fháil a bhfuil an vacsaín fliú á fáil acu den chéad uair tar éis an trasphlandaithe
- Othair ailse a fuair an chéad vacsaín fliú agus iad ar cheimiteiripe an séasúr fliú seo nó a chríochnaigh a gcóir leighis sa séasúr fliú céanna (Meán Fómhair go hAibreán).

**Má chomhlíonann, is féidir leo a dara dáileog vacsaíne a fháil an séasúr seo, 4 seachtaine ar a laghad tar éis a gcéad dáileog (agus 4 seachtaine ar a laghad tar éis a gcóir leighis i gcás othair atá ag críochnú a gcóireála ailse). Mura gcomhlíonann, ní theastaíonn an dara vacsaín fliú uathu.**

7. An bhfuil aon tinneas nó riocht ar an duine seo a mhéadaíonn an baol fuilithe? Tá ☐ Níl ☐

**Má tá, féadfaidh haematóma i mbaill insteallta ionmhatánacha (IM) teacht ar dhaoine aonair a bhfuil neamhord fuilithe orthu nó a fhaigheann teiripe antaithéachtach haematóma. Roimh an vacsaíniú, cuir an baol seo in iúl don duine a bhfuil an vacsaín á fáil acu. Dóibh siúd a bhfuil trombaicítipéine orthu (comhaireamh pláitíní $<50 \times 10^3$), téigh i gcomhairle leis an gcomhairleach maoirseachta. Lean ar aghaidh má chomhlíonann an duine na critéir chliniciúla. Mura gcomhlíonann, téigh go dtí ceist 8.**

8. An leanbh é an duine seo atá 12-23 mí d'aois a fuair vacsaín chomhchuingeach niúmacocúil le seachtain anuas? Is ea ☐ Ní hea ☐

**Más ea, cuir an vacsaín fliú siar seachtain amháin ar a laghad tar éis na vacsaíne comhchuingí niúmacocúla. Murab ea, is féidir vacsaín a fháil inniu.**

**Féadtar vacsaíniú tarlú inniu mura bhfuil aon saincheist le haghaidh tuilleadh fiosraithe, aon chur siar ná aon fhritásc tugtha ar aird sna ceisteanna thuas**

Lean ar aghaidh go dtí leathanach 3

# Cuid 3: Toiliú Vacsaínithe

**Tá ceann de na roghanna seo oiriúnach agus toiliú á shuí (cuir tic mar is cuí)**

1. Thoiligh an duine aonair le vacsaíniú leis an vacsaín fliú agus cuireadh eolas scríofa ar fáil dóibh, ☐
   **NÓ**
2. Ní thoilíonn an duine aonair le vacsaíniú in aghaidh an fhliú agus níor cheart dóibh vacsaín a fháil, ☐
   **NÓ**
3. Ní féidir leis an duine aonair toiliú agus tá siad á vacsaíniú leis an vacsaín fliú de réir a leasa agus a tola agus a rogha, ☐
   **AGUS**

   Rinneadh an méid thuas a thaifeadadh ina dtaifead cúraim sláinte agus cuimsítear leis faisnéis maidir le haon chomhairliúchán a rinneadh chun cabhrú lena dtoil agus a rogha féin a oibriú amach.

Ainm (Priontáil le do thoil) ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Síniú: ______________________ Dáta: ☐☐☐☐☐☐☐☐
L L M M B B B B

## Do dhaoine atá 15 bliana d'aois agus níos óige

**Toiliú Leighis:** Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir ach le tuismitheoir nó le caomhnóir dlíthiúil toiliú a thabhairt le haghaidh gnáthaimh leighis, nó toiliú a dhiúltú le haghaidh gnáthaimh leighis do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois. Tá daoine óga atá 16 bliana d'aois nó níos sine i dteideal toiliú a dhéanamh dóibh féin. Léigh tuilleadh faoi Bheartas Toilithe FSS ar shuíomh gréasáin FSS.

Tríd an bhfoirm thíos a shíniú, deimhním an méid seo a leanas:

1. Táim údaraithe toiliú a thabhairt thar ceann an linbh/duine óig thuasluaite.
2. Tuigim go bhfuil toiliú á thabhairt agam chun dáileog vacsaíne fliú a riaradh.
3. Léigh mé agus tuigim an t-eolas vacsaíne a ghabhann leis, fo-iarmhairtí aitheanta san áireamh.

Ainm (Priontáil le do thoil) ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Síniú: ______________________ Dáta: ☐☐☐☐☐☐☐☐

(Cuir tic le do thoil) Tuismitheoir ☐ Caomhnóir Dlíthiúil ☐

Aontaíonn an Duine Óg seo leis an vacsaín a fháil (Cuir tic le do thoil) ☐

## Go raibh maith agat as an bhfoirm thoilithe a líonadh. Tabhair ar ais do do vacsaíneoir í le do thoil.

Fógra Príobháideachais: Ní úsáideann FSS toiliú mar bhonn dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Ar mhaithe le trédhearcacht, chun an tslí a mbailímid agus a n-úsáidimid sonraí pearsanta a mhíniú, soláthraíonn FSS sonraí laistigh d'Fhógra Príobháideachais FSS d'Othair agus d'Úsáideoirí Seirbhíse atá ar fáil trí Ráiteas Príobháideachais FSS. Beidh próiseáil do shonraí / sonraí do pháiste dleathach agus cothrom. Ní phróiseálfar na sonraí ach chun críocha sonracha, lena n-áirítear chun vacsaíní a bhainistiú, cláir vacsaínithe a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, cliaint a dhearbhú agus cúram sláinte a sholáthar. D'fhéadfadh comhroinnt sonraí idir ranna FSS tarlú freisin.

# D'ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

**IIV (Trífhiúsach) - Vaxigrip nó Influvac Sub-unit**

| Síniú an oideasóra agus MCRN/PIN | Síniú an vacsaíneora agus MCRN/PIN | Ainm Táirge | Uimhir Bhaisce | Dáta Éaga | Dáta Tugtha |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | M M B B B B | L L M M B B B B |
| Láthair Vacsaínithe | Dealtóideach deas ☐ **nó** Vastus lateralis deas chun tosaigh ar thaobh na leise ☐<br>Dealtóideach clé ☐ **nó** Vastus lateralis clé chun tosaigh ar thaobh na leise ☐ | | | | |

**Curtha i gcrích ag:** ______________________ **MCRN/PIN:** ______________ L L M M B B B B

Mura dtugtar vacsaín luaigh cén fáth, le do thoil? Neamhláithreach ☐ Diúltaíodh ar an lá ☐

Vacsaín Fritásctha ☐ Curtha Siar ☐ Eile ______________

## Nótaí/Tuairimí: